

# ❁ An Lúibín ❁

23 Lúnasa 2004

Nuachtlitir Choicísíúil



## Obair amú

*The jobs that don't appear in the Gaeltacht, and the windmills that do.*

Is léir go bhfuil maith Údarás na Gaeltachta beagnach tugtha. Mar a léiríodh in Foinse le déanaí, tá ag teip air infheisteoirí a mhealladh isteach sa chuid is iargúlta den Ghaeltacht. Bhí súil ag daoine gurbh í an nua-theicneolaíocht a chuirfeadh na ceantair sin ag bláthú ach an infheistíocht a fháil chuige; tá an dóchas sin ag meath orthu anois. Rud é nach bhfuil bhfuil Príomh-Fheidhmeannach an Údaráis, Ruán Ó Bric, dall air, mar a chuir sé in iúl i litir chun grúpa forbartha pobail i gCarna, Conamara. Luaigh sé iomaíocht ghéar ó na cathracha agus ó na ceantair is mó áiseanna, go fiú i gcás gnólaachtaí beaga. Aon dream a mhealltar isteach sa Ghaeltacht, is deacair go maith iad a áitriú in aon cheantar nach bhfuil raidhse seirbhísí ann.

Ach tá aon ghnó amháin a bhfuil borradh i ndán di, is dócha, cé nach bhfuil mórán postanna ag gabháil leis: na feirmeacha gaoithe. Tá ceann amháin in Indreabhán, agus tá muilte gaoithe in Inis Meáin; fuarthas cead a thuilleadh muilte a thógáil in airde thuaidh de Bhearna. B'fhéidir neart eile acu a thógáil sa cheantar, ós é atá oiriúnach dóibh, ach is minic deacrachtaí pleanála ann. Tá daoine ag fanacht anois le scéim nua Eorpach i gcomhair muilte gaoithe, agus feicfear ansin cén rath a bheidh ar an ngnó.

## Teanga róchasta?

*In a recent article in the Irish-language periodical Comhar Séamas Céitinn says that it is time to seriously consider simplifying the grammar of Irish.*

Tá alt le Séamas Céitinn ar eagrán mhí Iúil den iris *Comhar* i dtaobh na leasuithe ar chóir a dhéanamh ar Ghaeilge d'fhonn í a éascú. Is é a phríomhchúram foghlaimoirí na teanga, ós orthusan is mó atá sí ag brath anois. Tá an Ghaeilge róchasta, dar leis: tá sé in am fáil réidh le canúintí agus 'foréigean' a dhéanamh ar an teanga lena simpliú - tuairim a luann sé leis an bhfoclóirí mór Niall Ó Dónaill freisin. 'Dá laghad foirmeacha a chuirtear os comhair lucht foghlamtha is ea is túisce a dhéanfaidh siad an teanga a shealbhú,' a deir sé, agus is é is mó atá ag dó na geirbe aige ná an séimhiú agus an t-urú:

Ar dhóigh eile bíonn athrú túslitreacha ina bhac ar an fhoghlaimoirí: nuair a dhéanann sé iarracht Gaeilge a labhairt déanann sé botúin cionn is nach bhfuil rialacha casta an tséimhithe, an uraithe agus na réamhlitreacha ar eolas aige go fóill - rud a fhágann a mhúinteoir idir dhá chomhairle, ar chóir cur isteach air agus drochmhisneach a chur air, nó ligean do bhotún fréamh a chur ina chuid gramadaí. Is cúis mhór frustrachais don bheirt acu é.

Agus tá cúis ghearáin eile aige: 'Má tá rud ar bith sa teanga Ghaeilge a gcaithfear foréigean a dhéanamh air go huile agus go hiomlán is é an seanchóras uimhríochta é'. Tugann sé roinnt samplaí de na deacrachtaí a bhaineann leis an gcóras sin - deacrachtaí nach mbeadh aon Ghaeilgeoir dall orthu.

Déanann an Céitinneach talamh slán de gurbh í castacht na Gaeilge seachas aon rud eile is mó a bhacann daoine ar í a fhoghlaim - sin é le rá, í a bheith chomh difriúil sin le Béarla. Glacann

sé leis freisin gur féidir an chastacht sin a mhaolú d'aonghnó taobh amuigh d'athrú nádúrtha na teanga; obair, is dócha, a d'fhágfaí faoi lucht oideachais. Ní deir an Céitinneach go neamhbhalbh cé bheadh i mbun na hoibre, ach tá sé le tuiscint gurbh iad gramadóirí proifisiúnta na Gaeilge a sholáthródh an teanga nua lom seo. Ba dheacra é sin a dhéanamh dá mbeadh Gaeltacht láidir ann agus tionchar aici ar dhul na teanga, i dtreo go dtarlódh athruithe de réir thoil na gcainteoirí dúchais. Ach treibh iadsan atá ag dul i léig. Ar scoil a dhéanann formhór na nGaeilgeoirí a gcuid Gaeilge a fhoghlaim, rud a fhágann gur féidir le lucht léinn an teanga a athmhúnlú tríd an gcóras sin.

Tá Gaeilgeoirí ann agus ní chuirfidh tuairimí an Chéitinnigh áthas orthu. Le dua a fuair siad a gcuid den Ghaeilge, agus déarfadís gur cuid nádúrtha den teanga í an chastacht úd. Is léir, áfach, go bhfuil an simpliú á dhéanamh ar aon chuma i mbéal na nGaeilgeoirí atá anois ann, agus go bhfuil roinnt de na 'deacrachtaí' ag titim ar lár uathu féin, beag beann ar argóintí lucht conspóide. Beidh Gaeilge na hÉireann ar nós na Manainnise, Gaeilge eile a chuaigh a cuid gramadaí chun simplíochta. Idir an dá linn coinneoidh roinnt teangacha eile atá lán chomh deilgneach leis an nGaeilge (na teangacha Slavacha, mar shampla) an chuma atá anois orthu, agus ní chloisfear gearán ó leithéidí an Chéitinnigh ina thaobh. B'fhéidir nach é an dóchas a spreag an chomhairle nua, ach an t-éadóchas. Caithfear glacadh leis nach mbeidh sa Ghaeilge choíche ach teanga an mhionlaigh, cuma cén ladar a chuirfeadh na gramadóirí sa mhias. Luath nó mall, áfach, caithfear an teanga oifigiúil a chur in oiriúint do Ghaeilge nua shimplithe na sráide, an Ghaeilge úd nár luaigh an Céitinneach ar chor ar bith.

### **Gàidhlig**

*In the same issue of Comhar John Walsh describes how development planning is helping (or hindering) the survival of Scottish Gaelic.*

Sna hOileáin Thiar is mó a labhraítear Gàidhlig anois; ar éigean a chloisfeá á labhairt sna Garbhchríocha í, agus go fiú sna háiteanna is láidre í tá sí ag cúlú roimh an mBéarla. Bhí 26,502 duine ina gcónaí sna hOileáin sa bhliain 2001, 10% níos lú ná mar a bhí ina gcónaí ann sa bhliain sa bhliain 1991, agus Béarlóirí is ea cuid mhaith díobh. Mar a deir John Walsh:

Dar le Daonáireamh 2001, dúirt 61.1% de dhaonra na nOileáin Thiar go raibh Gàidhlig acu. Níor tugadh aon eolas faoi cé chomh minic is a labhraíonn siad í, ná cé chomh cumasach is atá siad á labhairt.

Déanann sé tagairt do shuirbhé teanga a rinneadh sna hOileáin i mbliana agus a thaispeáin gurb í an Ghàidhlig an chéad teanga ag 56.4% den daonra. Déanann sé tagairt freisin do staitisticí eacnamaíocha a thaispeánann go bhfuil daonra na nOileáin Thiar ag dul in aois agus go bhfuil fadhb mhór eisimirce ann. Tá aird á tabhairt ar na fadhbanna seo:

Tá plean réigiúnach teanga do na hOileáin Thiar, croí Ghàidhealtachd an hAlban, a ullmhú faoi láthair. Tá eagrais forbartha socheachnamaí agus Gàidhlig páirteach sa phlean sin...

Tá a lán eagraíochta forbartha ann, agus tionchar ag tuarascálacha áirithe ar an obair. Deir siad sin gurb iad comharthaí sóirt an gheilleagair Ghàidhlig ná margadh scáinte scaipthe, costas ard agus seanfhaillí oifigiúil sa dúchas. Tá faill ann ar Ghàidhlig a úsáid chun rath a chur ar an réigiún trí na meáin chumarsáide, trí thurasóireachta chultúrtha agus trí thionscal foghlama Gàidhlig; agus tá tábhacht ar leith leis na healaíona traidisiúnta.

Is baolach, mar a deir Walsh, nach bpléifear leis an nGàidhlig ach mar 'tháirge,' cuid bheag de gheilleagar an réigiúin. Is é is tábhachtaí ná gach saghas gnó a dhéanamh trí Ghaeilge, cuma an bhfuil baint ag an ngnó sin leis an teanga nó nach bhfuil. Rinneadh taighde ar an scéal seo agus fuarthas amach nach raibh ach fíorbheagán post sa státseirbhís agus sna heagraíochataí a raibh gá le Gàidhlig iontu. Tiocfaidh cuma eile ar an scéal nuair a bheidh

Acht na Gàidhlig ann, rud a tharlóidh faoi mbliain 2005: beidh dualgas ar chomhlachtaí poiblí cur le seirbhísí Gàidhlig, go háirithe sa Ghàidhealtachd.

Rud nach luann Walsh, ach ar díol spéise é, is ea gur cainteoirí dúchais iad bunáite na gcainteoirí Gàidhlig. A mhalairt de scéal atá ann i gcás na Gaeilge. B'fhéidir gur fusa pobal Gaeilgeoirí a chumadh ná Gaeltacht a shábháil, ach tá an Ghàidhlig lag go leor fós i nDún Éideann agus i nGlaschú. Níl aon amhras ná go bhfuil gá leis an bpobal cathrach sin.

## ☞CEOL☞

### **Mundy: Raining Down Arrows**

*A new CD from an Irishman in America – a contemporary musician who makes honest music, sometimes reflective, sometimes with drums and drive.*

Mundy. Fear óg eile as Éirinn, giotár aige, ceoltóirí ar a chúl. I Meiriceá a taifeadadh 'Raining Down Arrows' agus sa Fhrainc a cuireadh dlaoi mhullaigh air. Is é an tríú halbam uaidh é: ba é 'Jellylegs' an chéad cheann (1996), agus bhí ráchairt air. Thaitin a chuid ceoil leis na léirmheastóirí, agus tá roinnt turas déanta aige.

Ceol ionraic gan éirí in airde atá anseo. Níl glór iontach ag Mundy, ná ní file é; ach tá sé in ann amhrán a chur le chéile agus a thocht a chur in iúl don éisteoir. Uaireanta ní bheadh a fhios agat cé acu atá agat anseo – amaitéar tréitheach ('Raining down arrows,' amhrán an teidil) nó ceoltóir garbh gairmiúil; ach tá fuinneamh ann agus muinín aige as féin, rudaí a théann chun sochair dó ó amhrán go hamhrán. Agus tá éifeacht ar leith ag baint le cuid acu, ar nós 'Carpound,' amhrán faoi bhuairt na mbuachaillí i gceantair na hainnise. Tá blas an mhachnaimh agus na simplíochta ar an gceol, agus luascadh réidh rac aige nuair is gá. Tá rian an Oileáin Úir agus an tsean-oileáin le chéile ar Mundy, agus baineann sé tairbhe as.

Tá sé de chluí ar Mundy go bhfuil sé ar fheabhas ar an stáitse. Nuair a thiocfaidh sé chomh fada leis an Astráil is fiú dul ag éisteacht leis.

### **Mundy: Raining Down Arrows** **Little Big Music LBMCD2030**

### **Damien Rice ar thuras**

*Damien Rice, the contemporary Irish songwriter and musician whose CD was reviewed in the last issue, will be touring Australia in October. Dates below. Tickets now available from the usual outlets.*

Tá an-taisteal déanta ag an Ríseach i dtíortha eile, agus beidh ag siúl na hAstráile ar feadh mí Dheireadh Fómhair. Is léir go mbeidh sé ag stopadh ag roinnt pubanna ar an turas, agus d'oirfeadh na hionaid bheaga don saghas ceoil a chumann sé. Ní fheicfidh an Astráil Theas, an Líomatáiste Thuaidh ná an Tasmáin é.

Dé Sathairn 9	Civic Hotel, Perth, WA
Déardaoin 14	Joe's Waterhole, Eumundi, QLD
Dé hAoine 15	The Tivoli, Brisbane, QLD
Dé Sathairn 16	A & I Hall, Bangalow, NSW
Dé Máirt 19	Metro Theatre, Sydney, NSW
Déardaoin 21	Prince of Wales, Melbourne, VIC

## Leathanach Luibheolaíoch

### Lusanna Astrálacha

*A continuation of the botanical list in the last edition. This time, names in Irish for some Australian climbing plants and ground-covers.*

Seo liosta eile de phlandaí atá coitianta i Victoria na hAstráile, áit dhúchais An Lúibín. Fuarthas corrléid ó ainmneacha plandaí Éireannacha agus ó ainmneacha i mBéarla na hAstráile.

<i>Acena novae-zealandiae</i>	bidgee widgee	<b>lus f3 na gcloigne</b>
<i>Planda spréite reatha. Na síolta in airde i gcomhchruinneáin dhearga dhealgacha.</i>		
<i>Centella cordifolia</i>	swamp pennywort	<b>lus f3 na pingine</b>
<i>Clematis microphylla</i>	small-leaved clematis	<b>gabhrán f1 beag</b>
<i>Convolvus erubescens</i>	pink bindweed	<b>ialus f3 bándearg</b>
<i>Planda mín reatha dreaptha. Bláthanna bándearga air.</i>		
<i>Disphyma crassifolium</i> <i>ssp. clavellatum</i>	rounded moon-flower	<b>súile geala</b>
<i>Planda reatha. Bláthanna bándearga nó maigeanta air, agus cuma nóinín orthu.</i>		
<i>Glycine tabacina</i>	variable glycine	<b>lus f3 na Tríonóide</b>
<i>Planda reatha. Bláthanna gorma air, agus duilleoga triliopacha.</i>		
<i>Hardenbergia violacea</i>	purple coral pea	<b>dreapaire f4 dúghlas</b>
<i>Planda dreaptha. Duilleoga dúghlasa air, agus bláthanna purpúrach.</i>		
<i>Kennedia prostrata</i>	running postman	<b>reathaire f4 dearg</b>
<i>Pleanda reatha. Duilleoga rocacha air, agus bláthanna beaga dearga.</i>		
<i>Rubus parvifolius</i>	small-leaf bramble	<b>dris b2 bheag</b>
<i>Viola hederacea</i>	native violet	<b>sailchuach b2 Astrálach</b>

